

TII Ráiteas Straitéise 2018 go 2022



Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach



Sa Ráiteas Straitéise TII nua tugtar cur síos ar ár bhfís agus ár gcuspóirí straitéiseacha. Leagtar amach an méid atá beartaithe againn

baint amach d'úsáideoirí bóithre agus iarnróid éadroma náisiúnta ar fud na tíre. Tugtar cur síos ar na gníomhartha a dhéanfaimid chun ár spriocanna a bhaint amach. Soláthraítear freisin an creat inar leagamar amach ár dtáirgí insoláthartha agus ár spriocanna feidhmiúcháin. Socraítear na táirgí insoláthartha seo i gcomhthéacs tosaíochtaí an Rialtais mar atá luaite ina phleananna infheistíochta agus treoirphrionsabail phleanála.

Is cúí go bhfuil an Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 foilsithe ag an Rialtas, agus atá Ráiteas Straitéise nua de chuid TII á seoladh. Leis an bplean uailmhianach seo, spreagfar dul chun cinn fadtéarmach eacnamaíochta, comhshaoil agus sóisialta na hÉireann i ngach cuid den tír sna deich mbliana atá amach romhainn. Sa Phlean Forbartha Náisiúnta (NDP), atá ailínithe le seachadadh chuspóirí an Chreat Náisiúnta Pleanála, leagtar amach leibhéal suntasach infheistíochta, a chuirfear bonn agus taca faoin gCreat Náisiúnta Pleanála agus spreagfar a chur i bhfeidhm le linn na deich mbliana atá amach romhainn.

Sa Phlean aithnítear go raibh ról an-tábhachtach ag bonneagar poiblí a seachadadh le fiche bliain anuas maidir le tacú le hathléimneacht agus le téarnamh an gheilleagair. Mar sin féin, sna blianta i ndiaidh na géarchéime bhí srian mór ar infheistíocht poiblí. Mar thoradh air sin, bhí easpa ar mhéid agus caighdeán caipitil poiblí na hÉireann, agus easnamh d'infheistíocht stáit sheasta in infrastruchtúr iompair na hÉireann. Is

suntasach go n-aithníonn NDP an Rialtais an tábhacht a bhaineann le cáilíocht agus luach na n-iarinfeistíochtaí i dtéarmaí cothabhála agus athnuachana. Tá an téarma 'infheistíocht stáit sheasta' fuaite go daingean sa NDP. I Ráiteas Straitéise an TII, léirítear an prionsabal go bhfuil gá lena chinntiú go gcoimeádtar ár ngréasáin ar ardleibhéal chun leibhéal seirbhíse, inrochtaineachta agus nascacht d'ardchaighdeán a chinntiú d'úsáideoirí iompair.

Go hachomair, is mar seo a leanas atá na hinfeistíochtaí sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 maidir le hinfreastruchtúr faoi shainchúram Bhonneagar Iompair Éireann mar a leanas: -

Seachadfar **infheistíocht in infrastruchtúr iompair poiblí** i gcomhréir leis an Straitéis Iompair do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035. Sa Phlean, tugtar tiomantas do thabhairt faoi mheasúnú, phleanáil agus dhearadh den ghréasán Luas a mhéadú go dtí Bré, Fionnghlas, an Leamhcán agus an Linn Bheag. Go suntasach, leagtar amach sa Phlean

tiomantas daingean chun córas iarnróid éadroim a sheachadadh ó Sord, trí Aerfort Bhaile Átha Cliath, go lár na cathrach i mBaile Átha Cliath agus ar aghaidh chuig Áth an Ghainimh ag baint úsáide as an Líne Ghlas Luas atá ann cheana féin.

Seolfar **infheistíocht** i mbonneagar na **mbóithre náisiúnta** de réir threoirphrionsabal Chreat Infheistíochta Straitéiseach um Iompair Talún de chuid na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus i gcomhréir le torthaí straitéiseacha an Chreat Náisiúnta Pleanála. Sa Phlean Forbartha Náisiúnta leagtar amach roinnt de na príomhthionscadail bóthair atá le seachadadh.

Méadóidh **infheistíocht i gcaiteachas cothabhála agus athnuachana** thar shaolré an Phlean Forbartha Náisiúnta chun freastal ar na leibhéal infheistíochta atá ag teastáil don líonra iompair reatha agus do thionscadail nua de réir agus a thagann siad isteach sa tseirbhís.


Bunaíodh an TII chun líonraí bóthair agus iarnróid éadroim náisiúnta sábháilte agus éifeachtúla a sheachadadh agus a oibriú. Táimid tiomanta

do chur lenár gcuid gnóthachtálacha ionas go bhfreastalaímid níos fearr, agus ionas go mbeimid ina gceannairí inár réimse. Aithnítear ár gcumas chun gréasáin iarnróid éadroim agus bóthair a sheachadadh go héifeachtach, mar a léirítear ag an bpunann infheistíochta den Phlean Forbartha Náisiúnta a cuireadh de chúram don TII agus dár gcomhpháirtithe d'fhonn iad a sheachadadh. Ní mór dúinn leanúint ar aghaidh lenár gcuid oibre a sheachadadh ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil, a sholáthraíonn gréasáin luachmhara, tháirgiúla agus sábháilte, agus a bheith nuálach chun feabhas a chur ar an éifeachtacht de cad atá ar bun againn.

Táim bródúil as ár n-éachtaí agus as an gcaoi a bhfeidhmíonn TII mar eagraíocht agus ag leanúint air ag dul chun cinn. Níor chóir go mbeadh Bonneagar Iompair Éireann a bheith ina stad.



Michael Nolan
Príomhfheidhmeannach




Bunús an Ráiteas Straitéise TII

Tá roinnt foinsí mar bhunús don Ráiteas Straitéise TII 2018 go 2022, lena n-áirítear, an fhoinsé is tábhachtaí, an Ráiteas Straitéise 2016 go 2019 arna fhoilsiú ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (RITS) agus an Ráiteas Straitéise 2018 go 2022 arna fhoilsiú ag an Údarás Iompair Náisiúnta (NTA).



Fís, Misean agus Luachanna



Sprioc Straitéiseach agus Cuspóirí Straitéiseacha



Sábháilteacht
Feabhas a chur ar shábháilteacht iarnróid éadrom agus ar na bóithre náisiúnta.

Seachadadh
Seachadadh na gnéithe maidir le bóithre náisiúnta, iarnród éadrom agus meitreo atá i bPleananna Infheistíochta Caipitil an Rialtais a chinntiú.

Inbhuanaitheacht
Prionsabail inbhuanaitheachta a ionchorprú i bhforbairt agus i ngníomh na sócmhainní atá inár gcúram.

Sprioc Straitéiseach
Soláthar, cothabháil agus oibriú de ghréasáin shábháilte, éifeachtacha agus inbhuanaithe de bhóithre náisiúnta, iarnród agus meitreo a chinntiú.

Seirbhís
Leanúint le caidrimh chomhoibritheacha a chruthú le húdaráis áitiúla, le heagraíochtaí den chineál céanna, le páirtithe leasmhara agus le custaiméirí chun a oiread leasa agus is féidir a bhaint as na buntáistí a bhaineann leis na seirbhísí a chuirimid ar fáil.

Daoine
Leanúint le heagraíocht ghairmiúil a thógáil agus cultúr ceannaireachta, comhoibrithe agus nuálaíochta a chur chun cinn.

Infheistíocht
An oiread leasa agus is féidir a bhaint as an ranniocaíocht a dhéantar d'fhorbairt na hÉireann trí ghnéithe den bhonneagair iompair talún a chuirtear de chúram orainn.

Cuspóirí

Cuspóirí agus Gníomhartha Straitéiseacha



Cuspóirí Straitéiseacha	Freagraí Straitéiseacha
<p>Sábháilteacht</p> <p>Feabhas a chur ar shábháilteacht iarnróid éadroim agus ar na bóithre náisiúnta.</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Suíomhanna ina dtarlaíonn go leor imbhuailtí a aithint leis na sonraí tráchta bóthair ar bhóithre náisiúnta agus bearta sábháilteachta a sheachadadh - Iniúchtaí náisiúnta maidir le sábháilteacht ar bhóithre a dhéanamh - Feabhas a chur ar an riocht phábhála ar na bóithre náisiúnta - Feabhas a chur ar fhrithsheasmhacht sciortha den phábháil ar na bóithre náisiúnta - Clár d'athlínithe beaga ar bhóithre náisiúnta a sheachadadh - Monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhlíonadh le Córas Bainistíochta Sábháilteachta na nOibríochtaí Luas - Bearta um bharrfheabhsú sreafa ar an M50 a bhunú - Caighdeáin dhearaidh do bhóithre agus do dhroichid a riaradh agus a fhorbairt - Limistéir Seirbhíse Mhótarbhealaigh a sholáthar - Creidiúnú Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde a bhaint amach i leith OHSAS 18001 - Monatóireacht a dhéanamh ar fhorálacha maidir le leas oibríthe agus cloí le rialacháin fostaíochta ar thionscadail arna maoiniú ag an TII - Maoiniú a thabhairt don cabhlach náisiúnta cothabhála geimhridh - Stoc salainn a sholáthar do bhóithre ar bhonn náisiúnta
<p>Inbhuanaitheacht</p> <p>Prionsabail inbhuanaitheachta a ionchorprú i bhforbairt agus i ngníomh na sócmhainní atá inár gcúram.</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Na leibhéil Stáit sheasta um athnuachan agus cothabháil a bhaint amach ar an mbóthar agus ar na gréasáin iarnróid éadroim faoi 2021 - Conarthaí Cothabhála agus Athnuachana Mótarbhealaí a bhainistiú agus a athsholáthar - Uasghrádú a dhéanamh ar agus feabhas a chur ar sheasmhacht Ionad Oibríochtaí agus Rialaithe an Mhótarbhealaigh - Bearta bainistíochta éilimh a bhunú ar an M50 - An Córas Bainistíochta Sócmhainne Pábhála a oibriú agus a fheabhsú - An córas bainistíochta struchtúir, Eirspan, a oibriú agus a fheabhsú - Bearta um éifeachtúlacht fhuinnimh a fhorbairt agus a sheachadadh - Feabhas a chur ar sholáthar agus oibriú ITS agus é a leathnú - Tabhairt faoi thaighde agus forbairt de chaighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta chun nuálaíocht, cruthaitheacht agus comhoibriú a chur chun cinn - Fís fiche bliana a sheachadadh don ghréasán bóthair náisiúnta i gcomhréir leis an gCreat Náisiúnta Pleanála agus leis an bPlean Forbartha Náisiúnta - Deontais chothabhála bóthair d'údaráis áitiúla a sholáthar agus a mhaoirsiú
<p>Daoine</p> <p>Leanúint le heagraíocht ghairmiúil a thógáil agus cultúr ceannaireachta, comhoibríthe agus nuálaíochta a chur chun cinn.</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Eolas agus saineolas speisialtóireachta maidir le hiarnród éadrom, bóithre náisiúnta, seachadadh seirbhíse agus rialachas a choinneáil agus a fheabhsú - Leanúint ar aghaidh le deiseanna a thabhairt d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach - Leanúint ar aghaidh le timpeallacht oibre thacaíochta agus dhearfach a sholáthar - Córais, struchtúir agus acmhainní a chur i bhfeidhm chun freagairt do thimpeallacht agus do thosaíochtaí atá i mbun athraithe

Cuspóirí agus Gníomhartha Straitéiseacha



Cuspóirí Straitéiseacha

Infheistíocht

An oiread leasa agus is féidir a bhaint as an ranníocaíocht a dhéantar d'fhorbairt na hÉireann trí ghnéithe den bhonneagar iompair talún a chuirtear de chúram orainn.

Seirbhís

Leanúint le caidrimh chomhoibritheacha a chruthú le húdaráis áitiúla, le heagraíochtaí den chineál céanna, le páirtithe leasmhara agus le custaiméirí chun a oiread leasa agus is féidir a bhaint as na buntáistí a bhaineann leis na seirbhísí a chuirimid ar fáil.

Seachadadh

Seachadadh na gnéithe maidir le bóithre náisiúnta, iarnród éadrom agus meitreo atá i bPleananna Infheistíochta Caipitil an Rialtais a chinntiú.

Freagraí Straitéiseacha

- Tosaíocht a thabhairt do mhaoiniú chun cuspóir an NDP a bhaint amach maidir le leibhéal infheistíochta Stáit Sheasta faoi 2021
- An chéad ghlúin eile de chonradh Oibríochtaí agus Cothabhála Luas a athsholáthar, a spreagadh agus a bhainistiú
- An conradh oibríocháin eFlow den chéad ghlúin eile a bhronnadh agus a chur chun cinn
- Oibríochtaí de na córais iarnróid éadroim agus dola TII a uasmhéadú
- Úsáid a bhaint as acmhainní chun Seirbhísí Bainistíochta Idir-inoibritheacha an TII a reáchtáil chun malartú faisnéise éifeachtúil agus bailiú ioncaim a uasmhéadú - Comhlíonadh de chustaiméirí dola a spreagadh trí fhaisnéis phoiblí agus forfheidhmiú
- Ár Samhail Iompair Náisiúnta a choinneáil agus a fhorbairt
- Measúnú agus trácht a dhéanamh ar iarratais phleanála agus ar phleananna um úsáid talún a mbíonn tionchar acu ar ár gcuid sócmhainní
- Leithdháiltí deontais bóthair náisiúnta d'údaráis áitiúla a sholáthar agus a mhaoirsiú
- Rannpháirtíocht éifeachtach le custaiméirí a sheachadadh agus feachtais fhaisnéise poiblí a sheachadadh chun taithe dhearfach an chustaiméara a uasmhéadú
- Eolas agus sonraí maidir le gréasáin náisiúnta bóthair agus iompair phoiblí a chomhroinnt
- Rannchuidiú go gníomhach leis na Coistí Comhairleacha Bainistíochta maidir le Dearadh Bóithre agus leis na hOifigí Tionscadail
- Cruinnithe rialta a thionól agus faisnéis a chur ar fáil de réir mar a éilíonn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair
- Freastal ar agus tabhair cur i láthair ag comhdhálacha agus imeachtaí trádála a bhaineann lenár ngníomhaíochtaí
- Caidrimh a chothabháil le comhlachtaí ionadaíochta na n-earnálacha a mbíonn tionchar ag ár ngníomhaíochtaí orthu
- Freagair Ceisteanna Parlaiminteacha agus dul os comhair coistí Oireachtais de réir mar is gá
- Ról gníomhach agus maoirseachta a bheith againn ar choistí stiúrtha de thionscadail arna maoiniú ag an TII
- Faomhadh Ordú Iarnróid a bhaint amach agus Metrolink a thógáil
- Cur i gcách na tógála den Luas Traschathrach agus í a thabhairt isteach.
- Cur i gcách iomlán de na tionscadail atá mar chuid den Plean Infheistíochta Caipitil, lena n-áirítear: - N25 Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin, M11 Guaire go hInis Córthaidh, M7 An Nás go dtí An Droichead Nua, M8 Dún Citil, N4 Cúil Mhuine go Béal Átha na gCarraigíní agus N22 Baile Bhuirne go Mhaigh Cromtha.
- Píblíne de thionscadail mhóra a fhorbairt mar ullmhúchán do phleananna infheistíochta caipitil sa toadhcháil.
- Cead pleanála a bhaint amach do thionscadail den Plean Infheistíochta Caipitil lena n-áirítear - N6 Seachbhóthar Chathair na Gaillimhe agus N28 Corcaigh go Rinn an Scidigh
- Tabhairt faoi phleanáil agus dearadh meastóireachta den ghréasán Luas a mhéadú go dtí Bré, Fionnghlas, an Leamhcán agus an Poll Beag i gcomhréir leis an Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus an NDP
- Tionscadal um mheariompar bus a dhearadh do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe de réir mar atá iarrtha ag an NTA
- Caidrimh a chothú leis an tionscal


Tiomantas d’Fheidhmíocht

Táimid tiomanta don tacaíocht is fearr agus is féidir a sholáthar dár máthair-Roinn agus do na Ranna Rialtais eile a mbíonn idirghníomhaíocht acu leo, agus dár mBord, dár mBainistíocht agus dár bhFoireann. Déanaimid é seo trí ghairmiúlacht agus feidhmíocht eagrúcháin d’ardchaighdeán a bhaint amach.


Tá ár seirbhísí tacaíochta ríthábhachtach do sheachadadh rathúil dár misin agus dár spriocanna ardleibhéil agus is féidir iad a rangú mar seo a leanas:


- *freastal ar ár máthair-Roinn, ar Ranna Rialtais eile, ar an mBord, ar Bhainistíocht agus ar an bhFoireann - faisnéis agus comhairle cruinn, tráthúil agus comhsheasmhach a sholáthar;*
- *comhlíonadh - a chinntiú go gcomhlíonfaimid le reachtaíocht bhunaithe, ceanglais reachtúla éagsúla, beartais agus nósanna imeachta na hearnála poiblí agus leis an gCód Cleachtais um Rialachas de Bhonneagar Iompair Éireann srl .;*
- *Cultúr Feidhmíochta a chumasú - a chinntiú go bhfásann ár bhfoireann agus go mbaineann siad amach a gcuid acmhainneachta agus go n-aistrítear a gcuid buanna go feidhmíocht den scoth;*
- *ról comhordaithe - rannchuidiú le soiléiriú a dhéanamh ar sheasamh TII ar shaincheisteanna má bhíonn an fhreagairt chuí le fáil i ranna éagsúla;*
- *obair chun dea-chleachtas, luach ar airgead agus comhlíonadh a chinntiú maidir le hoibreacha, earraí agus seirbhísí a sholáthar; dul i ngleic leis an bpobal i gcoitinne, a n-ionadaithe, príomhpháirtithe leasmhara agus páirtithe seachtracha eile; cearta chun faisnéise agus chun príobháideachta pearsanta; agus timpeallacht oibre fisiceach compordach, sábháilte agus éifeachtach a sholáthar chomh maith leis na háiseanna gaolmhara;*
- *úsáid na teicneolaíochta - leanúint ar aghaidh ag forbairt, ag seachadadh agus ag cothabháil réiteach TFC chun freastal ar riachtanais ghnó ar fud ár ranna uile.*



 Ionad Ghnó Gheata na Páirce,
Stráid Gheata na Páirce,
Baile Átha Cliath 8, D08 DK10, Éire

 www.tii.ie

 +353 (01) 646 3600

 Parkgate Business Centre,
Parkgate Street,
Dublin 8, D08 DK10, Ireland

 info@tii.ie

 +353 (01) 646 3601